# Pacáiste d'Iriseoirí

## Achoimre Fheidhmeach

Is é **2025** an chéad uair le seacht mbliana anuas go vótálfaidh muintir na hÉireann ar son uachtarán nua.

Seo próiseas tábhachtach inár ndaonlathais. Beidh iriseoirí ag tuairisciú faoi chéimeanna éagsúla an ainmniúcháin, na feachtasaíochta agus an toghcháin. Ar an drochuair tá treocht ag teacht chun cinn go gcaithfidh iriseoirí dul i ngleic le mí-usáid ar líne agus bagairtí méadaitheacha ar fud an domhain agus in Éirinn. Bagairt ar shaoirse cainte is ea mí-usáid ar líne atá dírithe ar iriseoirí agus d'fhéadfadh sé an bonn a bhaint ón daonlathas.

Tá an pacáiste eolais seo cruthaithe ag Coimisiún na Meán, i gcomhar le Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí agus leis an nGarda Síochána, d'fhonn cuidiú a thabhairt d'iriseoirí agus iad ag imirt a róil thábhachtaigh, le linn na dtoghchán agus ag amanna eile.

Tá an pacáiste eolais seo le haghaidh iriseoirí agus tá an méid a leanas le fáil ann:

- **Sleamhnán 7:** Cad ba cheart le hiriseoirí a dhéanamh má fhaigheann siad mí-usáid ar líne
- **Sleamhnáin 8–24:** Cásanna réalaíocha i dtaca le mí-usáid ar líne, agus cad is féidir le hiriseoirí a dhéanamh fúthu
- **Sleamhnáin 25–33:** Conas ábhar mí-usáideach a thuairisciú ar ardáin éagsúla ar líne agus conas é a thuairisciú don Gharda Síochána
- **Sleamhnáin 34–37:** Tacaíochtaí atá ar fáil d'iriseoirí má dhéantar drochíde orthu ar líne

Is é an phríomhtheachtaireacht d'iriseoirí **nach bhfuil** mí-usáid agus bagairtí ina gcuid de bhur n-obair. Tá sé tábhachtach ábhar mí-usáideach ar líne a thuairisciú agus d'eagarthóir nó do bhainisteoir líne cuí a chur ar an eolas faoi.

Scan an cód QR chun an pacáiste agus an póstaer seo a íoslódáil.

